



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Ag Iniúchadh Shonraíocht Athbhreithnithe na Nuatheangacha lasachta don tSraith Shóisearach





11:00 – 11:20



13:00 – 14:00

09:30 – 11:00

Forléargas ar Shonraíocht Athbhreithnithe na Nuatheangacha lasachta don tSraith Shóisearach

11:20 – 13:00




An Cur Chuige Gníomhdhírithe i Seomra Ranga NTI

14:00 – 15:30

Cleachtas a Athchóiriú: Pleanáil agus Measúnú i Sonraíocht Athbhreithnithe na Nuatheangacha lasachta don tSraith Shóisearach



Príomhdhoiciméid a chuireann bonn eolais faoinár lá






An Contanam Foghlama




Aistear



Curaclam
na Bunscoile




An tSraith
Shóisearach



An tSraith
Shinsearach



Nuashonruithe: Sonraíocht do NTI na Sraithe Sóisearaí (2025)





Príomhdhátáí do MRBnna 2025/26


CNCM: Socruithe athbhreithnithe do chur i gcrích na Measúnuithe Rangbhunaithe do scoláirí sa Dara Bliain agus sa Tríú Bliain

Scoláirí an Dara Bliain	Scoláirí an Tríú Bliain
MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal	MRB 2: SLP
Ní mór do scoláirí é a dhéanamh	Cinneadh Scoile ar Thuairisciú
Dátaí: Idir 3 Samhain, 2025 agus 8, Bealtaine 2026	Dáta Deiridh chun é a chur i gcrích Déardaoin, 12 Márta, 2026
	Tasc Measúnaithe: Níl ceann ann





Ár n-intinní foghlama...



Le hlniúchadh:

- Sonraíocht Athbhreithnithe NTI na Sraithe Sóisearaí
- An Cur Chuige Gníomhdhírithé agus Úsáid Teanga an tSaoil Nithiúil
- Measúnú agus Ról Phunann Teanga an Scoláire (PTS)



Domhan na dTeangacha



B The Nomad. (n.d.). [cainéal YouTube]. Nasc: <https://www.youtube.com/shorts/jYMb13cDY4E>



Bonjour! ¡Buenos Días! Buongiorno! Guten Tag!

I do chomhthéacs, cad é a spreagann scoláirí chun foghlaim agus taitneamh a bhaint as an teanga a úsáid?





Oide

My dream
classroom
would have
colorful **walls,**
bright lights,

Guth an Scoláire



Oide

In my language
classroom.

Guth an Mhúinteora




Comhroinn Do Chuid Smaointe

Tóg nóiméad chun Réasúnaíocht agus Aidhm do NTI na Sraithe Sóisearaí Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis a léamh ar leathanaigh 4-6 den tsonraíocht..

Conas is féidir linn an réasúnaíocht a chur i bhfeidhm agus féachaint chuige cultúr rannpháirtíochta agus taitneamhachta a fhorbairt tuilleadh le linn dúinn teanga iasachta nua-aimseartha a fhoghlaim agus a úsáid?



<https://tinyurl.com/Eolas-NTI>





Forléargas ar Athbhreithnithe ar an tSonraíocht



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

**The Revised Junior Cycle
Modern Foreign Language
Specification**





**Agus tú ag breathnú
agus ag éisteacht,
déan machnamh ar
an gcaoi a rachadh
na hathruithe seo
chun tairbhe don
teagasc agus don
fhoghlaim i do
sheomra ranga.**

CV CCE (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) (Leibhéal A1-A2)



Oide




"Níl sé i gceist go n-úsáidfí scálaí tuairisciúla **CCE** in ionad na dtorthaí foghlama ach chun tuilleadh tacaíochtaí a chur ar fáil le pleanáil le haghaidh foghlama, teagaisc agus measúnaithe ag na leibhéil seo."

Sonraíocht Athbhreithnithe, Ich.14



An idirghaolmhaireacht idir na trí shnáithe




"Tugtar tacaíocht ghníomhach d'fhoghlaim teanga an scoláire nuair a dhéantar a **Inníúlacht chumarsáideach**, **Feasacht teanga** agus **Eolas soch-chultúrtha agusfeasacht idirchultúrtha** a fhorbairt ar bhealach comhtháite"

Sonraíocht Athbhreithnithe, lch. 14



Torthaí Foghlama Athbhreithnithe



"Déantar cur síos sna torthaí foghlama ar na nithe a mheastar ba cheart go mbeadh an scoláire ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga. Tá na torthaí foghlama ag teacht a bheag nó a mhór le Banda A den CCTE (A1-A2). Tagraítear iontu do thascanna agus gníomhaíochtaí teanga a léiríonn idirghníomhaíochtaí simplí laethúla ar fud na dtrí réimse d'úsáid teanga (úsáid phoiblí, phearsanta agus oideachasúil) a bhaineann le haois an scoláire agus leis an taithí atá aige, agus tá siad ceaptha ionas go mbeifear in ann iad a úsáid don teagasc, don fhoghlaím agus don mheasúnú idirdhealaithe. Ar fud gach ceann de na snáitheanna, ba cheart gach deis a thabhairt don scoláire meáin éagsúla a úsáid chun an méid atá foghlamtha aige a thaispeáint agus a chur i láthair."

Sonraíocht Athbhreithnithe, lch.21



Snáithe 1 - Idirghaolmhaireacht na gceithre mhodh cumarsáide

Idirghabhál:

úsáidtear scileanna agus straitéisí idirghabhála i ngníomhaíochtaí gabhchumais, táirgiúla, idirghníomhacha nó idirghabhála chun ciall a bhaint, chun éascaíocht a dhéanamh ar chomhoibriú agus cumarsáid lasmuigh de bhacainní teangeolaíochta agus cultúrtha.

Gabhchumas:

cuimsítear le gabhchumas gníomhaíochtaí agus straitéisí a úsáidtear chun teanga labhartha, scríofa, agus ilmhódach a thuiscint agus a phróiseáil.

Táirgeadh:

cuimsítear le táirgeadh gníomhaíochtaí agus straitéisí a úsáidtear nuair atáthar ag labhairt agus ag scríobh ar réimse cúiseanna agus do lucht éisteachta éagsúil.

Idirghníomhú:

cuimsítear le hidirghníomhú gníomhaíochtaí agus straitéisí a úsáideann dhá nó trí pháirtí chun ciall a chomhchruthú in idirghníomhú ó bhéal, scríofa, agus ar líne.

‘Léirítear úsáid na teanga san fhíorshaol sna **ceithre mhodh cumarsáide** chomhtháite, agus is minic a chuimsítear roinnt gníomhaíochtaí leis seo. Léirítear i bhFíor 5 idirnascthacht agus idirghaolmhaireacht na gceithre ghné. **Tacaíonn rannpháirtíocht ghníomhach sna torthaí foghlama sa snáithe seo le feasacht teanga, le heolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha a fhorbairt a thuilleadh.**’

Sonraíocht Athbhreithnithe, lch.22

Fíor 5: Idirghaolmhaireacht na gceithre mhodh cumarsáide

Athbhreithniú a dhéanamh ar na Snáitheanna: Gníomhaíocht Chomhoibríoch



Oide


Déan athbhreithniú ar an snáithe a shanntar do do ghrúpa agus breithnigh na ceisteanna thíos:



**Roinn do chuid
smaointe le do
ghrúpa.**



An Cur Chuige Dírithe Ar Ghníomh



Samhail na húsáide teanga laistigh den chur chuige dírithe ar ghníomh

"Féachtar ar an bhfoghlaimoír sa chur chuige seo mar **ghníomhaire sóisialta agus rannpháirtí gníomhach ina chuid foghlama féin**. Tugtar le fios go n-úsáidfídh an foghlaimoír an sprioctheanga agus é páirteach i **dtascanna bríocha, comhoibritheacha.**"

Sonraíocht Athbhreithnithe- Aguisín A

Léargais ar Shealbhú and Dara Teanga (SDT)



Oide

LÉARGAIS AR SHEALBHÚ AN DARA TEANGA

Curtha in oiriúint ó Ó Duibhir agus Cummins (Tuarascáil Taighde ó CNCM Uimh. 16 (2012, lgh 37-58))

Teastaíonn stór salbhúir leaganacha cainte foirmleacha agus inniúlacht bunaithe ar rialacha ó na foghlaimoirí teanga.

Is féidir cuid de na giotai móra nó leaganacha cainte a fhoghlaim de ghlannmheabhair agus is féidir rochtain a fháil orthu go héasca le húsáid i gcumarsáid spontáineach llofa, ach coinntear teanga eile i bhfoirm bunaithe ar rialacha agus teastaíonn cuimhne fheidhmíúil níos mó ansin. Is féidir le nósanna laethúla a dhéantar arís is arís eile agus úsáid mhínic as cluichí aoiroirínacha, amhráin, rainn agus scéalalocht cabhrú le sealbhú na teanga foirmil.

Teastaíonn deiseanna le haghaidh aschuir ó fhoghlaim rathúil faoi threoir freisin.

Ní leor ionchur sothuigte fuíntach chun an T2 a shealbhú go rathúil. Nuair a fhaigheann an foghlaimoir deiseanna go rialta chun úsáid tháirgiúil a bhaint as an sprioc-teanga i gcomhthéacsanna fuíntacha, faigheann sé an deis chun scrúdú a dhéanamh ar a thuiscint reatha agus machnamh a dhéanamh ar an teanga atá sealbhaithe aige.

Tacófar leis na gníomhalachtaí foghlama teanga a fhorbraíonn eolas intuigthe ar an T2 trí fhócas ar eolas follasach.

Sealbhaítear gramadach agus stór focal go neamh-chomhfhiosach trí eolas follasach a fhaightear trí bheith rannpháirteach i ngníomhalachtaí cumarsáideacha. Is féidir le gníomhalachtaí lena ngabhadh fócas ar fhoirm a bheith ina gcabhair chun aird an foghlaimora a dhírú ar na gnéithe teangeolaíochta inmhianaithe agus chun aird an foghlaimora a dhírú ar earráidí gramadúla.

Ní mór difríochtaí idir foghlaimoirí a chur san áireamh sa treoir.

Nuair a fhaigheann na foghlaimoirí teanga taithí ar réimse gníomhalachtaí agus straitéisí, éiríonn an foghlaim ilchéadfach. Dá mhéad líon agus éagsúlacht na gcéadfaí a úsáideann na foghlaimoirí teanga ina gcuid foghlama, is amhlaidh is láidre a bheidh na naisc ina n-inchinn, rud a fhágann go mbeidh an foghlaim níos éifeachtúla.

Teastaíonn ionchur T2 forleathan, fuíntach agus sothuigte ó fhoghlaim teanga rathúil faoi threoir.

Léiríodh go bhfuil tionchar ag cainníocht agus cáilíocht an ionchuir T1 ar luas an tsealbhaith. Dá mhéad taithí a fhaigheann na foghlaimoirí ar an T2, is amhlaidh is mó agus is sciobtha a fhoghlaimíodh siad i.

Tá an deis chun idirghníomhú leis an T2 lármach chun inniúlacht T2 a fhorbairt.


Foghlaimíonn na foghlaimoirí chun cumarsáid a dhéanamh ar bhealach ina dtuigfead iad trí idirghníomhaíocht. Nuair a thiocthaí fadhb chumarsáideach chun cinn, bíonn orthu páirt a ghlacadh in idirbheartaíocht chun ciall a fháil, agus d'fhéadfadh go n-eascródh as sin athrú ar an méid atá ráite acu agus d'fhéadfadh sé foghlaim nua a spreagadh.

Ní mór 'siollabas ionsuite' an foghlaimora a chur san áireamh sa treoir.

Nuair atáthar ag sealbhú na gnéithe teangeolaíochta de theanga, leanann na foghlaimoirí patrún intuartha agus d'fhéadfadh nach mbeadh an patrún seo ar aon dul leis na gnéithe a mhúinteoir i gceacht. Nuair a bhíonn ábhar na gceachtanna teanga bunaithe ar riachtanaí cumarsáideacha na bhfoghlaimoirí, is féidir leaganacha cainte a shealbhú mar ghíotai móra nach ndéantar anailís orthu agus is féidir iad a anailísú níos déanaí nuair atá na foghlaimoirí réidh ó thaobh forbartha de.

Nuair atáthar ag déanamh measúnú ar inniúlacht T2 na bhfoghlaimoirí, tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar tháirgeadh saor agus ar tháirgeadh rialaithe.

Is féidir measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn teanga an foghlaimora trí réimse cineálacha cur chuige faoi stiúir an foghlaimora agus faoi stiúir an mhúinteora, lena n-áirítear tascanna cumarsáideacha, féinmheasúnú chomh maith le measúnú ar ghnéithe discrídéacha den teanga.



Sonraíocht Athbhreithnithe, lch. 17

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



Prionsabail Léargais Shealbhú an Dara Teanga (SDT) i gCleachtas

1

Léigh (5 nóiméad):

Léigh 8 léargas SDT

- ☐ Breithnigh cad é a chiallaíonn gach ceann acu go praiticiúil don seomra ranga teanga

2

Machnaigh (5 nóiméad):

- Conas a d'áireofá na léargais seo chun cabhrú le foghlaim chomhoibríoch agus ghníomhach teangacha?

3

**Rangú: Barr na Gníomhaíochta Muileata (10 nóiméad)
Socraigh na 8 léargas:**

- ☐ Cuirtear an léargas a chreideann tú is tábhachtaí ag an mbarr.
- ☐ Téann an ceann is lú tábhacht (ach fós luachmhar) ag an mbun.
- ☐ Tá na cinn eile socraithe idir eatarthu bunaithe ar thosaíocht.

4

Roinn & Pléigh (5 nóiméad):

- Ainmnigh duine amháin chun na 3 rogha agus an réasúnaíocht is fearr atá ag do ghrúpa a mhíniú



<https://tinyurl.com/EFG202526>

Sonraíocht Athbhreithnithe, Ich.19



Measúnú Rangbhunaithe 1: Samplaí ó mo Phunann Teanga Scoláire (PTS)

- **Uainiú:** Críochnaithe i dTéarma 2 den 2ú Bliain (Earrach 2028)
- **Cruinniú AFMÁ:** Arna reáchtáil tar éis MRB 2 chun tuairiscíní a shannadh.

Meán Fómhair 2026 –
1ú Bliain i scoileanna




Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc cumarsáide ó bhéal


- **Uainiú:** Críochnaithe i dtéarma 1 nó 2 den 3ú bliain (Fómhar/Geimhreadh 2028) - Tasc Measúnaithe (TM):
- **Uainiú:** Críochnaithe tar éis MRB 2 - **Cruinniú AFMÁ:** Déanta tar éis MRB 2 chun tuairiscíní a shannadh.

- **Scrúdú Deiridh CSS:**
- **Uainiú:** Meitheamh 2029



Measúnú agus tuairisciú






Le hlniúchadh:

- Sonraíocht Athbhreithnithe NTI na Sraithe Sóisearaí
- An Cur Chuige Gníomhdhírithe agus Úsáid Teanga an tSaoil Nithiúil
- Measúnú agus Ról Phunann Teanga an Scoláire (PTS)



Athmhachnamh Aonair



Tóg nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar an méid atá feicthe agus cloiste agat go dtí se~



Reflective model adapted from the *Kirkpatrick Model of Evaluation*. Kirkpatrick, D. and Kirkpatrick, J., 2006. Evaluating training programs: The four levels. Berrett-Koehler Publishers.

Am le haghaidh sosa. Feicfimid a chéile i gceann 20 nóiméad.



Oide





Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Seisiún 2


An Cur Chuige Gníomhdhírithe i Seomra Ranga NTI



Our learning intentions...



Oide




Le hlniúchadh:

- Sonraíocht Athbhreithnithe NTI na Sraithe Sóisearaí
- An Cur Chuige Gníomhdhírithe agus Úsáid Teanga an tSaoil Nithiúil
- Measúnú agus Ról Phunann Teanga an Scoláire (PTS)



An Cur Chuige Dírithe Ar Ghníomh




"Féachtar ar an bhfoghlaiméir sa chur chuige seo mar **ghníomhaire sóisialta agus rannpháirtí gníomhach ina chuid foghlama féin**. Tugtar le fios go n-úsáidfí an foghlaiméir an sprioctheanga agus é páirteach i **dtascanna bríocha, comhoibritheacha**."

Samhail na húsáide teanga laistigh den chur chuige dírithe ar ghníomh

Sonraíocht Athbhreithnithe - Aguisín A



An Cur Chuige Dírithe Ar Ghníomh



Agus tú ag breathnú, breithnigh cad é a théann i gcion ort.



Pictiúr Níos Mó a Thógáil

Junior Cycle Modern Foreign Languages and the CEFR

The Specification for Junior Cycle MFL aims to develop communicative language proficiency broadly aligned with the A band (A1 to A2, basic user) of the Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment (CEFR) and its Companion Volume (CEFR CV) and its descriptors. As basic users, students will interact in everyday situations of immediate relevance to their age and stage across the personal, educational and public domains of language use. Their learning will be supported by authentic texts and tasks that reflect real-life experiences in such situations.

What is A1-A2 level?

The learning outcomes are broadly aligned to the A band of the CEFR (A1-A2: Basic User).



At the *Basic User* level of language learning, students' own lived experiences play a key role. Students learn to interact in situations of immediate relevance, drawing on and transferring existing knowledge, skills and strategies to the new language they are learning. They learn to process, understand and create short and simple texts in familiar contexts related to areas of immediate relevance.

As their proficiency grows, students learn to navigate a broader range of familiar topics, events, and experiences within these domains, and manage to process, understand and create texts of increasing length and complexity related to concrete topics that are familiar and relevant to their own lives.

What is a domain?

The three domains show that language never exists in isolation and is always used and learned within a context. They represent typical real-world needs relevant to students studying modern foreign languages in junior cycle. Although more than one domain may be involved in many situations, it is useful to distinguish the following:

- the **personal domain** is centred on home life with family and friends and reflects individual activities and social practices.
- the **public domain** refers to ordinary social interaction with the general public and includes transactions and leisure activities of a public nature.
- the **educational domain** is concerned with activities and social interaction in a learning context such as school.

Personal
Educational
Public



What is a text?

All products of language use—oral, written, visual, or multi-modal—can be described as texts. Texts have many different purposes, functions and audiences, leading to corresponding differences in the content of messages, and in the organisation, presentation and register. Some examples of texts include:

- **Authentic texts:** A literary or non-literary text created to fulfil a personal or social purpose. It is created in and directed at the language community in which it is produced.
- **Multi-modal text:** combines language with other systems for communication, such as print text, visual images, sound, and the spoken word.
- **Oral text:** a form of communication that is spoken or transmitted by word of mouth.

What is a real-life task?

A task is a purposeful action that requires the use of language competences along with broader competences to achieve a clear goal or outcome. Tasks can cover a wide range of actions such as making plans, playing a game, ordering a meal, or preparing a class newspaper through group work.



Tasks offer students an opportunity to use language for a real purpose. The illustrative examples can help teachers and students plan or imagine tasks that are relevant to students' lives and appropriate to their age and stage of learning.

Cén chaoi a gcabhraíonn an cháipéis seo linn foghlaim chórasach agus éifeachtach a phleanáil?





An Cur Chuige Dírithe Ar Ghníomh agus Gnáthaimh Ranga Laethúil



Samplaí ón seomra ranga

Cad iad na gnáthaimh laethúla eile a chabhraíonn le húsáid sprioctheanga a mhéadú agus scoláirí a bheith rannpháirteach?



Ar bís le muinín: gníomhú scoláirí agus ról an ghníomhaí sóisialta

Gníomhaí sóisialta: foghlaimeoir teanga a úsáideann an teanga le gníomhú i suíomh sóisialta agus chun freagracht a ghlacadh sa phróiseas foghlama. Nuair a bhreathnaítear ar fhoghlaimeoirí teanga mar ghníomhaithe sóisialta, aithnítear an ghné shóisialta a bhaineann le foghlaim agus úsáid na teanga.


Sonraíocht Athbhreithnithe ,lch. 34





D'fhéadfadh go mbeadh réimse leathan gníomhartha i gceist le tascanna amhail pleananna a dhéanamh, cluiche a imirt, béile a ordú, nó nuachtán ranga a ullmhú trí obair ghrúpa. Cuirtear deis ar fáil don scoláire úsáid a bhaint as teanga ar fhíor-chúis i dtascanna. Tugann úsáid na dtascanna tuilleadh tacaíochta don chur chuige comhtháite maidir le pleanáil leis na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe d'Inniúlacht chumarsáideach, Feasacht teanga, agus Eolas soch-chultúrtha agus feasacht Idirchultúrtha.

Sonraíocht Athbhreithnithe, Ich. 37



Mar úsáideoir bunúsach, beidh an scoláire ag idirghníomhú i gcásanna laethúla d'ábharthacht láithreach de réir a aoise agus a chéime ar fud na **réimsí pearsanta, oideachasúla agus poiblí d'úsáid teanga**. Tacóidh téacsanna agus tascanna barántúla lena fhoghlaim a léiríonn eispéiris fíorshaoil i gcásanna dá leithéid.

D'fhéadfadh an chairt thíos tacú leis an scoláire agus le múinteoirí chun cásanna nó cúinsí laethúla d'ábharthacht láithreach a shamhlú le linn dóibh a bheith ag fáil ábhar barántúil agus/nó a bheith ag pleanáil **tascanna fíorshaoil** chun tacú leo agus iad ag oibriú le torthaí foghlama na sonraíochta.

Smaoinigh ar am nuair a d'úsáid do chuid scoláirí an sprioctheanga i gcomhthéacs sóisialta an tsaoil mar atá (m.sh., fadhb a réiteach, comhrá a bheith acu, plean a dhéanamh, tasc a dhéanamh go diongbháilte).

- Cad é a bhí ar siúl ag na scoláirí?
- An raibh siad ag úsáid na teanga chun cumarsáid a dhéanamh ar bhealach fiúntach?
- Ar thug an ghníomhaíocht deiseanna dóibh roghanna a dhéanamh agus úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama?





Machnaigh – Saibhrigh – Cuir i bhFeidhm

1. Machnaigh

(2-3 nóiméad)

- Smaoinigh siar ar an bhfuaimrian, ionchur amhairc agus plé.
- Scríobh síos príomhsmaointe nó léargais is cuimhin leat.



2. Saibhrigh + 1


(2-3 bhabhta)

- Cuir leis an bpáipéar smeach-chairte ar do bhord.
- Cuireann gach duine ag an mbord smaoineamh nua amháin – mionsonra, pointe nua nó nasc ar pháipéar na smeach-chairte ag do bhord.
- Lean ar aghaidh go dtí go líontar an spás go léir ar an leathanach.

3. Cuir i bhFeidhm

(2-3 nóiméad)

- Léigh na breiseáin.
- Tabhair faoi deara cad é atá úsáideach agus smaoinigh conas a d'úsáidfeá é i do theagasc féin





Róil an Mhúinteora agus na Scoláirí i nGníomh



Tacóidh múinteoirí leis an scoláire trí threoir a chur ar fáil ar thascanna, gníomhaíochtaí agus téacsanna feiliúnacha, ina léirítear na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe..

Sonraíocht Athbhreithnithe, lch 17


I do sheomra ranga, cén chuma atá ar neamhspleáchas na scoláirí?

Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga—teanga labhartha, scríofa, fhísiúil, nó ilmhódach. Is foinsí teanga fíorluachmhara iad téacsanna de bharr go n úsáidtear iad chun cumarsáid a dhéanamh san fhíorshaol. I Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí, gheobhaidh an scoláire taithí ar réimse téacsanna dílse agus oiriúnaithe ó bhéal, scríofa, agus ilmhódacha i réimse seánraí agus formáidí.

[illegible]



Ríomhúdair Mhachnaimh nuair atáthar ag pleanáil Tascanna Fíorshaoil



Úsáid teanga an tsaoil dháiríre laistigh den Chur Chuige Diríthe ar Ghníomh


Is ionann tasc agus gníomh a bhfuil cuspóir leis ina dteastaíonn úsáid a bhaint as inniúlachtaí teanga agus inniúlachtaí níos leithne chun sprioc nó toradh soiléir a bhaint amach. D'fhéadfadh go mbeadh réimse leathan gníomhartha i gceist le tascanna amhail pleananna a dhéanamh, cluiche a imirt, béile a ordú, nó nuachtán ranga a ullmhú trí **obair ghrúpa**.

Sonraíocht Athbhreithnithe, Ich 34



1

Déan an fearann/na fearainn a mheas agus roghnaigh ón roth pleanála:



Príomhbhreithnithe:

- ☐ Cad é atá á dhéanamh ag na scoláirí?
- ☐ Cén fáth a bhfuil sé fiúntach?
- ☐ Cad iad na scileanna teanga atá á bhforbairt?

2

Cruthaigh Suíomh an Taisc:

Comhoibrigh agus gin smaointe le haghaidh ceannteidil tascanna ón bhfíorshaol.

3

Déan iniúchadh ar Roth Pleanála na dTascanna:

Tagraíonn gach grúpa do **Roth Pleanála na dTascanna** chun smaointe a ransú agus iad seo a leanas a aithint:

- ☐ **Daoine**
- ☐ **Áiteanna**
- ☐ **Téacsanna**
- ☐ **Réada**
- ☐ **Gníomhaíochtaí**
- ☐ **Imeachtaí**
- ☐ Dear **tasc scoláirí** lena n-áirítear ullmhú don tasc agus na gníomhaíochtaí chun an tasc a chur i gcrích.

4

Turas Taisc:

Siúil timpeall an tseomra ag **labhairt** chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach Tasc.

Príomhúdair Mhachnaimh nuair atáthar ag Pleanáil Tascanna Fíorshaoil



Oide

- An bhfuil feidhm ag an ngníomh seo i ndáiríre is féidir a chur i bhfeidhm san fhíorshaoil?
- An mbíonn sé ar siúl i gcomhthéacs sóisialta barántúil?
- An bhfuil sprioc shoiléir ann a fhágfaidh go mbeidh táirge nó toradh ann?
- An dtacaítear le foghlaim trí théacsanna dílse agus taithí bharántúil fíorshaoil?
- An dtacaíonn na dálaí le smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil?
- An mbaineann an foghlaimeoir leas as a inniúlachtaí reatha agus as a inniúlachtaí a d'fhorbair sé le gairid?
- An ndéanann an foghlaimeoir cinntí?
- An bhfuil na foghlaimeoirí ar fad in ann an tasc a chur i gcrích?


Úsáid na ceisteanna seo chun fiafraí faoi na tascanna ó ghrúpaí eile agus tú ag siúl timpeall.

Sonraíocht Athbhreithnithe, lch 37


Cruthaitheacht agus Smaointeoireacht Chriticiúil á Cur i nGníomh



Oide



Smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil tar éis ár dtascanna a mhúnlú agus déan machnamh ar a ról i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.



Le hlniúchadh:

- Sonraíocht Athbhreithnithe NTI na Sraithe Sóisearaí
- An Cur Chuige Gníomhdhíríte agus Úsáid Teanga an tSaoil Nithiúil
- Measúnú agus Ról Phunann Teanga an Scoláire (PTS)

Feicfimid a chéile ar 2 i.n.
Bain Taitneamh as!





Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Seisiún 3

Cleachtas a Athchóiriú:
Pleanáil agus Measúnú i
Sonraíocht Athbhreithnithe
na Nuatheangacha
lasachta don tSraith
Shóisearach



Ár n-intinní foghlama...



Le hlniúchadh:

- Sonraíocht Athbhreithnithe NTI na Sraithe Sóisearaí
- An Cur Chuige Gníomhdhíríthe agus Úsáid Teanga an tSaoil Nithiúil
- Measúnú agus Ról Phunann Teanga an Scoláire (PTS)



Punann Teanga na Scoláirí: Réasúnaíocht

- ‘De réir an chur chuige dírithe ar ghníomh, bíonn an scoláire ag foghlaim agus ag baint úsáid as an sprioctheanga do thascanna fiúntacha, comhoibríocha ón gcéad lá riamh. Déantar taifead agus doiciméadú mar chuid den PTS ar neamhspleáchas méadaitheach an scoláire maidir leis an bhfoghlaim agus leis an sprioctheanga a úsáid. .
- Agus inniúlacht teanga an scoláire ag forbairt, déanann sé machnamh agus ceiliúradh ar a ghaiscí go nuige sin. Chuige sin, tá féinmheasúnú agus machnamh measúnaithe ar obair ina chuid lárnach den PTS.
- Méadaítear neamhspleáchas an scoláire nuair a spreagtar é agus nuair a thacaítear leis spriocanna a shocrú dá chuid foghlama, monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin agus spriocanna a shocrú chun feabhas a dhéanamh agus úsáid á baint aige as critéir amhail Ráitis ‘Is Féidir’





An PTS: Dearcadh an Scoláire

- Thaitin an ghné rogha leo go háirithe agus go bhféadfaidís díriú ar a gcuid láidreachtaí.
- Chomh maith leis sin, chonaic siad a bpunann mar uirlis athbhreithnithe chabhrach don scrúdú deiridh.

‘Is maith an rud é go bhfuil rogha ann sa phunann chun an marc is fearr atá indéanta duit a bhaint amach.’

Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí agus Treoir don athbhreithniú ar an tsonraíocht churaclaim, lch. 16



Tosaíocht a thabhairt don chumarsáid

- Tarlaíonn obair a bhaineann leis an PTS mar chuid de **chleachtas laethúil an tseomra ranga**’ Sonraíocht Athbhreithnithe, Ich. 28
- ‘... Ba chóir gurb iad na tascanna cnámh droma an tseomra ranga chumarsáidigh.
- Bealach amháin inar féidir le Tascanna cabhrú le cnámh droma an churaclaim chumarsáidigh a fhoirmiú iad a úsáid mar ráitis ‘is féidir liom ...’ – beagnach cosúil le mionmheasúnuithe



Van Patten, 2017, Ich.111-129




Punann Teanga an Scoláire sa Seomra Ranga

Féach: Cad é a fheiceann agus a chloiseann tú?

Smaoinigh: Cad iad na smaointe atá agat faoi na cineálacha cur chuige atá i gceist?

Mise: Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí le comhthéacs do scoile?


Muid: Conas a nascfaidh an phunann 'domhan an tseomra teanga' agus an fíordhomhan?



Punann Teanga an Scoláire sa Seomra Ranga



Oide






Punann Teanga an Scoláire sa Seomra Ranga

Féach: Cad é a fheiceann agus a chloiseann tú?

Smaoinigh: Cad iad na smaointe atá agat faoi na cineálacha cur chuige atá i gceist?

Mise: Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí le comhthéacs do scoile?

Muid: Conas a nascfaidh an phunann 'domhan an tseomra teanga' agus an fíordhomhan?





PTS: Príomhbhreithnithe do Scoláirí



Fíor 4: Léargas ar na príomhbhair mhachnaimh chun an phunann teanga a úsáid

Pleanáil, Machnamh, Spriocanna agus An próiseas a chur i bhfeidhm agus a dhóiciméadú



Fíor 5 Próiseas an mhachnaimh ar fhoghlaim NTI na Sraithe Sóisearaí

Treoirínte PTS

Treoirínte PTS

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



- Leideanna machnaimh ginearálta
- Leideanna a bhaineann le hinniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha
- Ráitis 'Is féidir liom...'



<https://tinyurl.com/Punann-Teanga>

Teimpléad 1: Mo phróifil teanga

Bain úsáid as na taibheanna seo chun do phróifil a scríobh.

Teimpléad 2: M'eispéiris foghlama teanga

M'ainm:
 Mo dháta:
 Thosú:
 Úsáid:
 Phun:
 C. Bain úsáid as na taibheanna seo chun do phróifil a scríobh.

Teimpléad 3: Mise mar fhoghlaimeoir

